**CINNEADH (AE) 2022/2278 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH**

**an 8 Samhain 2022**

**maidir le líon eisiúintí bonn atá le formheas in 2023 (BCE/2022/40)**

TÁ BORD FEIDHMIÚCHÁIN AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 128(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2015/2332 ón mBanc Ceannais Eorpach an 4 Nollaig 2015 maidir leis an gcreat nós imeachta d'fhormheas líon eisiúintí bonn euro (BCE/2015/43) [1], agus go háirithe Airteagal 2(9) de,

De bhrí an mhéid seo a leanas:

(1) Tá an ceart eisiach ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) ón 1 Eanáir 1999 líon na mbonn a eisíonn na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu ("Ballstáit an limistéir euro" anseo feasta) a fhormheas.

(2) Chuir an 19 Ballstát limistéir euro agus an Chróit, a ghlacfaidh an euro mar an t-airgeadra aonair ón 1 Eanáir 2023, faoi bhráid an BCE a n-iarratais ar fhormheas líon na mbonn atá le heisiúint in 2023, arna fhorlíonadh le nótaí míniúcháin ar an modheolaíocht réamhaisnéise. Chuir cuid de na Ballstáit seo faisnéis bhreise ar fáil freisin maidir le boinn atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht, i gcás go bhfuil faisnéis den sórt sin ar fáil agus a measann na Ballstáit lena mbaineann sa limistéar euro a bheith riachtanach chun an t-iarratas ar fhormheas a fhíorú.

(3) Toisc go bhfuil ceart na mBallstát sa limistéar euro chun bonn euro a eisiúint faoi réir fhormheas an BCE maidir le líon na heisiúna, de réir Airteagal 3(1) de Chinneadh (AE) 2015/2332 (BCE/2015/43), ní fhéadfaidh Ballstáit an líon arna fhormheas ag an BCE a shárú gan cead a fháil roimh ré ón BCE.

(4) De bhun Airteagal 2 (9) de Chinneadh (AE) 2015/2332 (BCE/2015/43), toisc nach gá aon mhodhnú ar líon eisiúintí bonn arna iarradh, tugtar de chumhacht don Bhord Feidhmiúcháin an Cinneadh seo a ghlacadh maidir leis na hiarrataí bliantúla ar fhormheas de líon eisiúintí bonn in 2023 a chuir Ballstáit an limistéir euro isteach agus an Chróit,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Sainmhínithe:**

Chun críocha an Airteagail seo, tá feidhm ag na sainmhínithe in Airteagal 1 de Threoirlíne (AE) 2015/2332 (BCE/2015/43).

*Airteagal 2*

**Formheas de líon na mbonn euro atá le heisiúint in 2023**

Formheasann an BCE leis seo líon na mbonn euro atá le heisiúint ag Ballstáit an limistéir euro in 2023 amhail mar a leagtar amach sa tábla seo a leanas:

[1] IO L 328, 12.12.2015, lch. 123.

*(EUR milliún)*

| | Líon na mbonn euro arna fhormheas lena n-eisiúint in 2023 | | |
|---|---|---|---|
| | Boinn atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht | Boinn inbhailithe (nach bhfuil beartaithe lena gcur i gcúrsaíocht) | Líon eisiúintí bonn |
| An Bheilg | 38,00 | 0,40 | 38,40 |
| An Ghearmáin | 427,00 | 206,00 | 633,00 |
| An Eastóin | 15,30 | 0,29 | 15,59 |
| Éire | 32,60 | 0,50 | 33,10 |
| An Ghréig | 125,50 | 0,62 | 126,12 |
| An Spáinn | 303,00 | 40,00 | 343,00 |
| An Fhrainc | 284,00 | 55,00 | 339,00 |
| An Chróit | 316,34 | 0,43 | 316,77 |
| An Iodáil | 257,00 | 4,55 | 261,55 |
| An Chipir | 6,00 | 0,01 | 6,01 |
| An Laitvia | 10,00 | 0,20 | 10,20 |
| An Liotuáin | 12,00 | 0,41 | 12,41 |
| Lucsamburg | 13,20 | 0,26 | 13,46 |
| Málta | 8,00 | 0,50 | 8,50 |
| An Ísiltír | 49,00 | 1,00 | 50,00 |
| An Ostair | 81,00 | 175,51 | 256,51 |
| An Phortaingéil | 71,50 | 2,00 | 73,50 |
| An tSlóivéin | 25,50 | 1,50 | 27,00 |
| An tSlóvaic | 16,00 | 2,00 | 18,00 |
| An Fhionlainn | 10,00 | 5,00 | 15,00 |
| **Iomlán** | **2 100,94** | **496,18** | **2 597,12** |

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar lá a thabharfar fógra do na BCNanna

*Airteagal 4*

**Seolaithe**

Tá an Cinneadh seo dírithe ar BCNanna na mBallstát arb é an euro an t-airgeadra atá acu.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 8 Samhain 2022.

*Uachtarán BCE*
Christine LAGARDE